2024/2331

10.10.2024

RÚN (AE) 2024/2331 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) don bhliain airgeadais 2022

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn IV dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0115/2024),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 16 405 100 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) ('an Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2022, rud a léiríonn méadú beag de 1,81 % i gcomparáid le 2021; de bhrí gur as buiséad an Aontais den chuid is mó a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go luaitear i dtuarascáil na Cúirte Iniúchóirí ('an Chúirt') ar chuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022 ('tuarascáil na Cúirte') go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais dlíthiúil agus rialta;

C. de bhrí, maidir le hearnáil soláthair na Gníomhaireachta, nár tuairiscíodh aon saincheisteanna inar éilíodh gníomhaíochtaí ceartaitheacha do 2022, agus nach bhfuil gníomhaíochtaí ceartaitheacha leanúnacha ná gan réiteach ann ó iniúchtaí agus measúnuithe na mblianta roimhe sin;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire gurb é an toradh a bhí ar na hiarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2022 go ndearnadh ráta leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana reatha de 98,65 % a chur chun feidhme ar an mbuiséad, arb ionann é agus méadú beag 1,39 % i gcomparáid le 2021; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann ráta forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí sa bhliain reatha agus 72,07 %, arb ionann é agus méadú 8,54 % i gcomparáid le 2021;

2. ag tabhairt dá haire go dtagann buiséad na Gníomhaireachta go príomha ó bhuiséad an Aontais agus go dtagann méid beag ó údaráis áitiúla na Spáinne; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurb é an t-innéacsú is cúis leis an méadú ar bhuiséad na Gníomhaireachta in 2022;

3. ag tabhairt dá haire gur thug an Ghníomhaireacht ar aghaidh, ó 2022 go 2023, ocht ngealltanas shealadacha arbh ionann iad agus EUR 533 676; á mheabhrú go gceadaítear tabhairt anonn den sórt sin faoi Airteagal 12(6) de Rialachán Airgeadais EU-OSHA, i gcás ina bhfuil gealltanas dlíthiúil amhail conradh sínithe ann ag deireadh na bliana; ag tabhairt dá haire, áfach, faoin 31 Nollaig 2022, nach raibh aon chonradh a d'fhreagair do EUR109 256 de na gealltanais shealadacha sin sínithe ag an nGníomhaireacht agus, dá bhrí sin, gur cheart an méid sin a shaoradh seachas é a thabhairt anonn go 2023;

Feidhmíocht

4. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gurbh é 98 % a bhí i ráta cur chun feidhme na Gníomhaireachta maidir lena clár oibre in 2022, cé gurbh é 90 % an sprioc;

([1]) IO C 38, 31.1.2023, lch. 29.

5. ag cur sonrú i bhfeidhmíocht na Gníomhaireachta i dtaighde ar thionchar an digitithe ar shábháilteacht, sláinte, cosc, cleachtais agus beartas ceirde, agus go mbeidh sí mar bhonn eolais d'fheachtas na n-ionad oibre sláintiúil sa digitiú a thosóidh in 2023; á thabhairt faoi deara go ndeachaigh staidéar na Gníomhaireachta ar an ngeilleagar ciorclach isteach sa chéim dheiridh in 2022, inar sainaithníodh éifeachtaí féideartha éagsúla ar an tsábháilteacht agus ar an obair shláinte; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch in 2022 ar a feachtas ionad oibre sláintiúil trí bliana maidir le Neamhoird Mhatánchnámharlaigh, a thug aghaidh freisin ar theilea-obair a bhí an-tábhachtach le linn na paindéime;

6. ag tabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht tacaíocht ar fáil maidir le taighde ar thacú le comhlíonadh ag féachaint ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag tosca seachtracha ar chosc rioscaí san ionad oibre; á chur in iúl go bhfuil sonraí agus uirlisí measúnaithe riosca forbartha ag an nGníomhaireacht amhail baraiméadar OSH, agus é mar phríomhchuspóir aige foinse údarásach sonraí sábháilteachta agus sláinte ceirde an Aontais a chur ar fáil, agus bogearraí OiRA, chun cabhrú le micrifhiontair agus le fiontair bheaga measúnuithe riosca a dhéanamh; ag cur sonrú, thairis sin, i suirbhéanna na Gníomhaireachta chun bailiú sonraí a éascú: ESENER, Suirbhé ar Nochtadh Oibrithe agus OSH Pulse; ag tabhairt dá haire, thairis sin gur rannchuidigh, obair na Gníomhaireachta in 2022 le cur chun feidhme chreat straitéiseach an Aontais ag an obair 2021-2027;

7. á chur in iúl gur mór aici rannchuidiú suntasach leanúnach na Gníomhaireachta, trí roinnt gníomhaíochtaí éagsúla arna ndéanamh ina n-aonar nó i gcomhar le forais eile, le hionaid oibre níos sábháilte agus níos sláintiúla do gach oibrí san Aontas a chur chun cinn gan beann ar mhéid na cuideachta nó ar an gcineál conartha a eascraíonn as an ngéarchéim sláinte dhomhanda ba chúis le paindéim COVID-19; ag tréaslú leis an nGníomhaireacht as na deathorthaí a baineadh amach agus á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, taighde na Gníomhaireachta agus aird ar leith á tabhairt aici ar thionchar phaindéim COVID-19 ar rioscaí síceasóisialta agus ar mheabhairshláinte; ag tabhairt dá haire gur tugadh ról tábhachtach don Ghníomhaireacht agus na prionsabail a chumhdaítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta á gcur chun feidhme aici agus spriocanna Porto á mbaint amach;

8. ag moladh na Gníomhaireachta as leanúnachas gnó a áirithiú trí atheagrú, athbheartú tosaíochta agus athleithdháileadh pras acmhainní mar fhreagairt ar an moill le linn stiúrthóir feidhmiúcháin nua a cheapadh;

Éifeachtúlacht agus gnóchain

9. á thabhairt chun suntais gur lean an Ghníomhaireacht lena dlúthchomhar le gníomhaireachtaí eile an Aontais in 2022, eadhon an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú maidir le modheolaíochtaí suirbhé agus maidir le rioscaí síceasóisialta agus digitiú agus an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, ar an suirbhé ar nochtadh oibrithe; ag cur sonrú, thairis sin, go bhfuil an Ghníomhaireacht tar éis a comhoibriú leis an Údarás Eorpach Saothair a chur ar bhonn foirmiúil freisin agus go bhfuil sí rannpháirteach ina ardán maidir le hobair neamhdhearbhaithe agus tacú leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí chun treoir a fhorbairt i gcás sláinte agus sábháilteachta i ngníomhaíochtaí bainte doirteadh ola; ag cur sonrú i rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i dtuarascáil chomhpháirteach ar ionfhabhtuithe víreas an fhliú zónóisigh i ndaoine a thástáil agus a bhrath agus bearta sábháilteachta agus sláinte ceirde dóibh siúd atá neamhchosanta ag an obair leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus leis an tsaotharlann tagartha Eorpach um an bhfliú éanúil agus galar Newcastle;

10. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an Ghníomhaireacht ag roinnt na seirbhísí cuntasaíochta leis an bhFondúireacht Eorpach Oiliúna trí chomhaontú ar leibhéal na seirbhíse ó Iúil 2021;

11. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil próiseas gan pháipéar curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht dá cuid idirbheart go léir agus go bhfuil gach gníomhaíocht airgeadais agus earcaíochta digitithe a bhaineann le hacmhainní daonna; ag tabhairt faoi deara fheidhmíocht na Gníomhaireachta maidir le cláir eolais chomhshaoil rialta a tháirgeadh ina dtuairiscítear, *inter alia*, astaíochtaí CO_2; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur chuir an Ghníomhaireacht a straitéis éifeachtúlachta chun feidhme go hiomlán chun na feidhmeanna airgeadais agus soláthair faoin aonad céanna a chomhdhlúthú le barrfheabhsú acmhainní, comhchuibhiú próiseas, sainmhíniú níos fearr ar róil agus ar fhreagrachtaí chun gnóchain éifeachtúlachta a bhaint amach;

12. ag moladh na Gníomhaireachta as plean corparáideach a bhunú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus aeráidneodracht a hoibríochtaí;

Beartas foirne

13. ag tabhairt dá haire go raibh an plean bunaíochta 97,5 % curtha chun feidhme an 31 Nollaig 2022, mar a bhí in 2021 agus gur líonadh 39 bpost mar ghníomhaire sealadach as 40 post gníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais;

14. ag tabhairt dá haire go ndearnadh tuairisciú ar dháileadh na cothromaíochta inscne do 2022, ar leibhéal na hardbhainistíochta agus go raibh trí fhear agus bean amháin, ar leibhéal an bhoird bainistíochta agus 61 fhear agus 38 mbean, agus d'fhoireann fhoriomlán na Gníomhaireachta, le 21 fhear agus 44 bhean; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé an chothromaíocht inscne a áirithiú agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht an ghné sin a chur san áireamh maidir le hearcú foirne agus ceapacháin amach anseo ina hardbhainistíocht agus ina meánbhainistíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go gcuirfear a thábhachtaí atá sé cothromaíocht inscne a áirithiú i gcuntas nuair a bhítear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht i mbun an 'chairt um éagsúlacht agus cuimsiú' a ghlacadh arb é is aidhm di cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna a chur chun cinn, gan beann ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh; á mheabhrú don Ghníomhaireacht gur dhearbhaigh sí agus gur ghabh sí uirthi féin an tairiscint poist a dhéanamh don iarrthóir a bhfuil a inscne faoi ghannionadaíocht sa Ghníomhaireacht, i gcás ina bhfuil an tuillteanas céanna idir iarrthóirí d'inscne éagsúil;

15. ag tabhairt dá haire, ón 31 Nollaig 2022, go raibh 65 bhall foirne fostaithe ag an nGníomhaireacht (lena n-áirítear dhá bhall foirne ar conradh ar chonarthaí gearrthéarmacha chun coibhéis lánaimseartha laghdaithe a fhritháireamh) ó 15 Bhallstát; ag tabhairt dá haire gur cúis bhuartha di tearcionadaíocht na mball foirne ón 12 Bhallstát eile; á mheabhrú a thábhachtaí atá cothromaíocht gheografach agus ag tathant ar an nGníomhaireacht breithniú ar chothromaíocht gheografach agus tús áite á thabhairt di ina nós imeachta earcaíochta agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairt i ndáil leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

16. á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Ghníomhaireacht, i dtéarmaí bearta a bhaineann le daoine faoi mhíchumas, comhordaitheoir míchumais (comhalta acmhainní daonna) a bhunú mar phointe teagmhála d'aon riachtanais ghaolmhara foirne;

17. ag tabhairt dá haire go bhfuil go leor beartas acmhainní daonna á gcur chun feidhme ag an nGníomhaireacht lena gcuirtear dea-bhail na foirne ag an obair agus cothromaíocht oibre is saoil chun cinn amhail uaireanta oibre solúbtha, teilea-obair, saoire tuismitheora agus seisiúin tacaíochta síceolaíochta;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

18. ag tabhairt aitheantais do bhearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta chun trédhearcacht agus cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa a áirithiú; ag tabhairt dá haire go n-iarrtar ar chomhaltaí an bhoird bainistíochta dearbhú a sholáthar nach bhfuil coinbhleacht leasa ann chomh maith le dearbhú leasanna; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an dá dhearbhú ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; á chur in iúl gur geal léi nár tuairiscíodh aon chásanna coinbhleachta leasa, sceithireachta ná 'doirse imrothlacha' in 2022;

19. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht straitéis frithchalaoise na Gníomhaireachta 2022-2026 a dhréachtú agus a thabhairt chun críche, ag díriú ar chreat frithchalaoise na Gníomhaireachta atá ann cheana a chomhdhlúthú; ag tabhairt dá haire thairis sin gur chomhaontaigh an bord bainistíochta i Meitheamh 2022 nóta maidir le 'dea-chleachtais don bhord bainistíochta agus dá chomhaltaí', lena sainmhínítear bunphrionsabail agus cleachtais rúndachta ghairmiúil;

20. ag tabhairt dá haire go léirítear gealltanas na Gníomhaireachta i leith trédhearcachta i bhfoilsiú príomhdhoiciméad ar a suíomh gréasáin, lena n-áirítear Straitéis na Gníomhaireachta, SPDanna agus CAARanna, na príomhthorthaí meastóireachta agus feidhmíochta, miontuairiscí, agus pléití ag an mbord bainistíochta agus ag an mbord feidhmiúcháin;

Rialú inmheánach

21. ag tabhairt dá haire go mbíonn an Ghníomhaireacht i gcónaí ag iarraidh rialú agus bainistíocht inmheánach a chothabháil agus a fheabhsú trí iniúchtaí rialta arna ndéanamh ag an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach; ag tabhairt dá haire thairis sin gur thug an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach a iniúchadh ar acmhainní daonna agus eitice chun críche in 2022 de réir mar a bhí beartaithe agus nár thángthas ar aon torthaí criticiúla agus gur comhaontaíodh roinnt gníomhaíochtaí leis an nGníomhaireacht chun a réimse acmhainní daonna agus eitice a fheabhsú tuilleadh;

22. á mheabhrú gur ghlac an bord bainistíochta an creat rialaithe inmheánaigh in 2019, creat a bunaíodh ar chreat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire gur tugadh feidhmiú leormhaith na gcomhpháirteanna rialaithe inmheánaigh uile i gcrích sa mheasúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh don bhliain tuairiscithe 2022;

23. ag tabhairt dá haire go bhfuil clár riosca corparáideach na Gníomhaireachta nasctha leis an gcreat rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil siad araon faoi réir athbhreithniú go rialta ag an ardbhainistíocht; ag tabhairt dá haire go ndearnadh trí riosca a ndearnadh faireachán orthu le linn 2022 a chatagóiriú mar rioscaí a bhain leis an 'timpeallacht sheachtrach', go ndearnadh ceithre riosca a aicmiú mar riosca a bhain leis an 'timpeallacht inmheánach' agus nach ndearnadh aon cheann díobh a aicmiú mar bhagairt fhéideartha do chlú ná do ghnóthú straitéiseach na Gníomhaireachta;

24. ag tabhairt dá haire gur chuir an bord bainistíochta straitéis frithchalaoise nua na Gníomhaireachta 2022-2026 chun feidhme in 2022 trí fhaireachán rialta a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta; ag tabhairt dá haire thairis sin go gcuirtear i gcuntas sa straitéis nua sin gur bunaíodh roinnt beart frithchalaoise le blianta beaga anuas agus go bhfuil sé d'aidhm aici na bearta atá ann cheana a chomhdhlúthú;

Barúlacha eile

25. ag tabhairt dá haire go bhfuil iarracht á déanamh ag an nGníomhaireacht a cosaint cibearshlándála a mhéadú trí bhearta éagsúla amhail córas fíordheimhniúcháin ilfhachtóirí; ag cur sonrú, thairis sin, i gcomhar agus i gcomhordú na Gníomhaireachta le CERT-EU chun seirbhís nua a chur chun feidhme chun tacú hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais;

26. á thabhairt faoi deara nár chuir an Ghníomhaireacht tús le próiseas deimhniúcháin EMAS a chur chun feidhme mar gheall ar an easpa acmhainní; ag tabhairt dá haire thairis sin, áfach, go bhfuil an Ghníomhaireacht tiomanta dá tionchar ar an gcomhshaol a laghdú;

27. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i ngníomhaíochtaí múscailte feasachta d'fheachtas ionad oibre sláintiúil na Gníomhaireachta, a d'fhorbair roinnt gníomhaíochtaí go rathúil amhail an feachtas lig díot an t-ualach, scannáin bheochana Napo agus baraiméadar OSH; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Ghníomhaireacht ag comhoibriú go gníomhach le gníomhaireachtaí eile, le hinstitiúidí eile agus leis an gCoimisiún le linn gníomhaíochtaí a chur chun cinn i gcás ábhar leasa choitinn, trína suíomhanna gréasáin, trína gcomhfhoilseacháin agus trí chainéil na meán sóisialta;

28. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 11 Aibreán 2024 ([2]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0280.